

A mhac léinn,

Tá súil agam go bhfuil tú ag baint taitnimh as grian an tsamhraidh atá againn fós agus go bhfuair tú sos maith le cúpla mí anuas. Táimid ag súil anois le fáilte ar ais chuig an gcampas a fhearadh romhat sna seachtainí atá romhainn. Mar a fheicfidh tú ar an bhféilire sa cheangaltán, beidh mic léinn B.Ed. 2, B.Ed. 4, Bait san Oid 2, B.Eol. (Léann an Oideachais) 4, B.Eol. (Oideachas Luath-Óige) 4 agus MGO 1 ag filleadh ar an gcampas Dé Luain seo chugainn. Tá eolas faighte ag roinnt agaibh cheana féin faoi bhur gclár treoshuímh. Tá dréacht de na cláir ama don seimeastar atá romhainn sna ceangaltáin. Dréachtaí atá sna leaganacha de na Cláir Ama atá ar fáil faoi láthair agus tá gach seans ann go n-athrófar roinnt seomraí do léachtaí roimh atosú na ranganna.

Cé nach bhfuil aon ranganna ag mic léinn MGO ar an Aoine, tá d'ionduchtú sceidealaithe don Aoine, 3 Meán Fómhair agus don Aoine 10 Meán Fómhair.

Ar an Luan, 13 Meán Fómhair, táimid ag súil le fáilte ar ais a fhearadh roimh mhic léinn B.Eol. (Léann an Oideachais) 2, B.Eol. (Oideachas Luath-Óige) 2 agus MGO 2 do bhur gclár treoshuímh.

Ar deireadh, ar an Luan, 20 Meán Fómhair cuirimid fáilte ar ais chuig an gcampas roimh B.Ed. 3, Bait san Oid 3, B.Eol. (Léann an Oideachais) 3, agus B.Eol. (Oideachas Luath-Óige) 3 do ranganna agus cuirimid fáilte den chéad uair roimh mhic léinn B.Ed. 1, Bait san Oid 1, B.Eol. (Léann an Oideachais) 1, B.Eol. (Oideachas Luath-Óige) 1 agus roimh mhic léinn an Chláir Fhondúireachta Idirnáisiúnta do chláir ionduchtaithe/threoshuímh.

GRÚPAÍ

Maidir le B.Ed. 2, tá athchumrú déanta ar na grúpaí ionas go mbeidh cothromaíocht ann idir líon na mac léinn i ngrúpaí A, B, C agus D don chlár treoshuímh agus cloífear leis an athchumrú sin nuair a atosóidh na ranganna (i.e. ón Luan, 6 Meán Fómhair).

Maidir le B.Ed. 4, beidh grúpaí A, B agus C mar a bhí siad sa bhliain acadúil 2019-20 (agus difriúil leis na grúpaí a bhí ann mar thoradh ar an bPaindéim sa bhliain 2020-21).

Maidir le B.Eol. (Oideachas Luath-Óige) 3 agus 4, tá Grúpaí A agus B mar a bhí siad sa bhliain acadúil 2019-20 (agus difriúil leis na grúpaí a bhí ann mar thoradh ar an bPaindéim sa bhliain 2020-21).

Tá an t-eolas a cuireadh chuig go leor agaibh i Mí Iúil fós i bhfeidhm, le roinnt mionathruithe.

PRÓTACAIL COVID-19

Cé go bhfuil súil againn go mbeidh an-chuid agaibh páirt-vacsáinthe ar a laghad faoin am a fhillfidh sibh, fanfaidh prótacail COVID-19 i bhfeidhm go háirithe agus sinn ag bogadh isteach san fhómhar agus sa gheimhreadh agus beimid ag feidhmiú ar an tuiscint nach bhfuil aon duine vacsaínithe agus go bhféadfadh aon duine an víreas a tholgadh ó dhuine eile nó a thabhairt do dhuine eile. Ciallaíonn sé sin go mbeidh clúdaigh aghaidhe riachtanach do mhic

léinn uile agus don fhoireann uile, ba chóir díghalrán lámh a úsáid go rialta, ba chóir scaradh sóisialta a choinneáil. De réir na dtreoirlínte atá ann faoi láthair, beidh léachtóirí nuair a bheidh siad ag múineadh in ann a gclúdaigh aghaidhe a bhaint díobh ar choinníoll go bhfuil dhá mhéadar ar a laghad idir iad agus an mac is gaire dóibh.

Déanfar seomraí a aeráil níos mó ná riamh agus dá bhrí sin beidh gá agat le héadach níos teo ná mar is gnáth, go háirithe nuair a bheimid ag dul isteach san fhómhar agus sa gheimhreadh. Tá prótacail nua ghlanta i bhfeidhm in IOM agus tá an Institiúid ag freagairt an t-am ar fad d'fhorbairtí nua. Cuirfear socruithe leasaithe lónadóireachta i bhfeidhm chomh maith sa bhialann Blasta agus i gCaife an Chlabhstra; beidh seirbhís beir leat ar fáil sa dá áit ó thús an téarma. Tá puball anois os cionn ceann amháin de na clóis lasmuigh áit a mbeidh daoine in ann lón a ithe, sneaic a bheith acu nó deoch a thógáil. Tá comharthaíocht in airde timpeall an champais chun teacht le chéile daoine a laghdú agus iarrtar do chomhoibriú maidir leis sin.

Cruthaíodh na físeáin agus na hacmhainní seo a leanas chun cabhrú leat ullmhú le fillleadh ar an gcampas.

- Hallaí/ Hallways: <https://drive.google.com/file/d/1QVkJGeVjCpNM6VC8E-GNFwPVzRcE6bRyR/view?usp=sharing>
- Maisc/ Masks: <https://drive.google.com/file/d/1U65InfdlGt3h3Mrh-BAC2eOm6IijUS3j/view?usp=sharing>
- Osclóirí Doirse/ Opening Doors: <https://drive.google.com/file/d/1NGdS1XaSh5sSc2w5VvmqM8RDXLnOw0f-/view?usp=sharing>
- Díghalrán Lámh/ Hand Sanitiser: https://drive.google.com/file/d/11-OW2rn9_fqHnf0l79h-QPTz_dK0Ac-/view?usp=sharing

SIOMPTÓIM COVID-19

Má thaispeánann tú aon siomptóim de chuid COVID-19 (fiabhras, casacht nua, gearranáil, deacrachtaí anála, athrú/easpa bolaidh nó blais), is cuma cé chomh neafaiseach is a bhíonn siad, iarrtar ort fanacht sa bhaile agus féin-aonrú. Tabharfaidh do dhochtúir nó Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte comhairle duit maidir le rianú teagmhálaithe. Má fhaigheann tú na siomptóim sin agus tú ar an gcampas, is é seo a leanas an cur chuige a bheidh i bhfeidhm: Má tá tú maith go leor agus má tá bealach agat an Campas a fhágáil go sábháilte i do ghluaisteán féin, déan é sin ach déan cinnte go bhfaigheann tú comhairle leighis chomh luath agus is féidir. Mura bhfuil sé sin indéanta, iarrtar ort le do thoil dul chuig ceann de na seomraí leithlise speisialta (an Seomra Céadair i bhfoirgneamh Naomh Muire nó P7 i bhfoirgneamh Naomh Pádraig) agus na treoracha ansin a leanúint maidir le teacht ar dhuine éigin chun cabhrú leat.

RANGANNA

Tarlóidh ranganna aghaidh ar aghaidh suas go 65 mac léinn ar an gcampas ag baint úsáide as na seomraí is mó atá ar fáil dúinn. Nuair a bheidh líon na mac léinn níos mó ná 65, tarlóidh an rang ar líne. Beidh ranganna den mhéid seo in áiteanna éagsúla ar an gclár ama agus, dá bhrí sin, beidh an chuid is mó agaibh ar an gcampas nuair a bheidh sibh ag freastal ar bhur ranganna ar líne (murab ionann is an bhliain seo caite nuair a d'fhreastail tú orthu sa bhaile).

Beidh spásanna ar fáil timpeall an champais ina mbeidh daoine in ann freastal ar ranganna ar líne (mar shampla, sa lóistín ar an gcampas, an leabharlann, agus spásanna eile a chuirfear ar fáil). Cuirfear níos mó eolais ar fáil faoi spásanna a bheidh ar fáil in am is i dtráth.

VACSAÍNITHE

Má tá an nuacht á leanúint agat, tá a fhios agat go bhfuil súil ghéar á coinneáil ag an Rialtas faoi láthair ar an mborradh faoi líon na gcásanna a bhaineann leis an leagan Delta de COVID-19. Tá sé fógartha ag an Aire Sláinte gur fearr na vacsaíní MRNA (Pfizer agus Moderna) do dhaoine idir 18 agus 49. Tacaíonn IOM le feachtas vacsaínithe an Rialtais ionas gur féidir le saol coláiste atosú chomh fada agus is féidir sa seimeastar seo. Mar sin, molaimid duit staidéar a dhéanamh ar na leasanna agus ar na rioscaí a bhaineann leis na vacsaíní éagsúla agus an cinneadh is fearr a dhéanamh a bhaineann le do leas féin. Is féidir leat níos a léamh faoi fhógra an Rialtais anseo: <https://www2.hse.ie/screening-and-vaccinations/covid-19-vaccine/get-the-vaccine/>.

LÓISTÍN

Beidh lóistín na mac léinn ar oscailt don bhliain acadúil agus ba chóir cloí le prótacail COVID-19 anseo, ina measc, maisc a chaitheamh in áiteanna comóna. Níor chóir a bheith in aon árasán ach áititheoirí an árasáin sin agus mar sin, níl cead aionna a bheith in árasáin go dtí go bhfógraítear a mhalairt.

Mar atáimid go léir ag foghlaim, tá éiginnteacht leis an am i láthair agus an t-am ar fad coinneoidh an Institiúid súil ar an gcomhairle shláinte phoiblí, freagróimid di agus déanfaimid cinntí ar mhaithe le sláinte agus le sábháilteacht na mac léinn agus na foirne. Éireoidh linn teacht tríd seo le chéile!

Le dea-ghuí,

Seán